OÉ Gaillimh
NUI Galway

# Dúshláin Dhomhanda OÉ Gaillimh

Dílis. Claochlaitheach. Féidearthacht.




# Clár

Réamhrá 3

Dúshláin Dhomhanda 4

- Frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach 6
- Dícharbónú 8
- Daonlathas 10
- Slándáil an tsoláthair bia 12
- Sonraí atá dírithe ar an duine 14
- Sláinte an aigéin agus an chósta 16



# Réamhrá

Tá an ollscoil seo againne á treorú ag taighde agus táimid ar leas an phobail. Mar phobal, ghlacamar am le smaoineamh go gníomhach, ar bhealach níos doimhne ná riamh, ar an gcaoi leis an aidhm seo a chomhlíonadh.

Tá an ród seo romhainn lán le rioscaí agus le deiseanna. Mar ollscoil phoiblí, tá freagracht speisialta orainn ár gcuid taighde a dhíriú i dtreo na gceisteanna is práinní agus is deacra. Tá tuiscint iomlán againn ar an nádúr domhanda a bhaineann le go leor de na saincheisteanna a dtabharfaimid aghaidh orthu trínár gclár maidir le dúshláin dhomhanda, agus tá a fhios againn gur tríd ár gcuid oibre ar an leibhéal seo is fearr a fhónfaimid dár gcathair, dár réigiún agus dár dtír.

De bharr na paindéime domhanda, tá tuiscint ag gach duine anois ar an ról atá ag an taighde agus an nuálaíocht maidir le sochaí a chothú trí athruithe a dhéanamh. Agus muid ag breathnú chun cinn, tá éiginnteacht ann maidir le líon agus cineál na ndúshlán a bheidh romhainn, ach is eol dúinn go mbeimid ag brath ar ár gcumas taighde agus muid ag obair le chéile chun na dúshláin sin a shárú. Glacann an ollscoil leis an bhfreagracht seo agus tá sí ag dréim le cáil a bhaint amach tríd an misean taighde poiblí seo a léiriú.

Chun na dúshláin atá romhainn a shárú, amhail an t-athrú aeráide nó uaillmhian go mbeadh fíordhaonlathas domhanda againn, éilítear smaointeoireacht nua agus modhanna nua. Trí chomhairliúchán machnamhach agus dioscúrsach lenár bpobal taighde agus nuálaíochta, tá sé réimse ar leith aitheanta againn ina bhfuil fíorchumas claochlaitheach ag OÉ Gaillimh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda.

Cuirfidh ár gClár maidir le Dúshláin Dhomhanda tacaíocht ar fáil d'fhoirne ildisciplíneacha, samhlaíocha agus iad ag tosú ar thaighde agus nuálaíocht atá úrnua a shaothrú. Tacóidh an próiseas atá againn le taighdeoirí atá ag teacht chun cinn dlús a chur lena gcláir, deiseanna a lorg go gníomhach chun pobail nua a chomhtháthú sa phróiseas taighde, agus smaointe heitreadocsacha agus nua a fhiosrú.

Ní rud nua í an uaillmhian in OÉ Gaillimh. Tá ár gcumas claochlú a dhéanamh léirithe againn cheana féin. Bhí ról lárnach ag Ionad na hÉireann do Chearta an Duine maidir le caighdeáin nua a chruthú don cheartas domhanda agus chabhraigh ár gcuid oibre in earnáil na teicneolaíochta leighis le geilleagar na cathrach agus na tíre a athrú ó bhonn. Tosaímid leis an oidhreacht seo, agus béim úr á leagan againn ar dhúshláin dhomhanda.

B'fhéidir gur i ngeall go bhfuilimid lonnaithe ar imeall na hEorpa i réigiún inar cuireadh faoi strus mór cultúrtha, polaitiúil agus comhshaoil muid, atáimid ag cuimhneamh go tréan ar an ngá atá le hidirnascthacht dhomhanda agus aghaidh á tabhairt againn ar dhúshláin chasta.

Is mór againn cur chuige atá thar a bheith gníomhach agus nach bhfágfaidh aon duine ar lár. Fiú agus muid ag féachaint ar na smaointe is radacaí atá ann, is iad ár luachanna maidir le meas, inbhuanaitheacht, oscailteacht agus barr feabhais a threoróidh muid. Éireoidh linn i dteannta a chéile.

**An tOllamh Jim Livesey**
An Leas-Uachtarán don Taighde
agus Nuálaíocht, OÉ Gaillimh



# Dúshláin dhomhanda

Tráth a bhfuil ár misean taighde á chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach, cuirimid béim anois ar shé dhúshlán dhomhanda a chreideann ár bpobal taighde go láidir gur féidir linn tionchar claochlaitheach a imirt orthu trí rannpháirtíocht le grúpaí eile. Nílimid a rá go mbeidh gach réiteach againn i bhfianaise na ndúshlán domhanda atá liostaithe thíos, ach tá an ollscoil seo tiomanta don uaillmhian sin a spreagadh agus ár gcur chuige cruthaitheach agus comhoibríoch a chur i bhfeidhm.

1. **Frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach**
   *Ag dul i ngleic leis an bpaindéim chiúin*
2. **Dícharbónú**
   *Bealaí chun athrú cóir a chur i bhfeidhm*
3. **Daonlathas**
   *Domhan faoi chaibidil*
4. **Slándáil an tsoláthair bia**
   *Athruithe i dtreo pobail atá cóir, cuimsitheach agus a léiríonn teacht aniar*
5. **Sonraí atá dírithe ar an duine**
   *Claochluithe digiteacha agus an réimse poiblí*
6. **Sláinte an aigéin agus an chósta**
   *Teacht aniar na mara*





# Frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach

*Ag dul i ngleic leis an bpaindéim chiúin*

# Frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach

Tuigtear anois go bhfuil frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach – lena n-áirítear an bhagairt ó víris phataigineacha, fungais agus seadáin atá ag teacht chun cinn – ar cheann de na dúshláin dhomhanda is práinní atá romhainn agus ar cheann de na bagairtí is mó do shláinte an duine. Is baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí is cúis le bás tuairim is 700,000 duine ar fud an domhain gach bliain.

Is minic a thugtar an phaindéim chiúin ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach (AMR). Faoin mbliain 2050 – mura ngníomhaítear – meastar go bhfaighidh 10 milliún duine bás in aghaidh na bliana de bharr AMR, níos mó ná an líon daoine a fhaigheann bás faoi láthair de bharr ailse.

Tá baictéir phataigineacha AMR ag teacht chun cinn i gcónaí mar gheall ar an úsáid iomarcach agus mhíchuí atáthar a bhaint as antaibheathaigh i gcleachtais chliniciúla agus talmhaíochta. Aistrítear go minic géinte AMR idir speicis bhaictéaracha agus idir daoine, ainmhithe agus an comhshaol. Ar an gcaoi sin, scaiptear baictéir AMR ar fud an domhain agus teipeann ar antaibheathaigh atá réasúnta nua fiú galair thógálacha a chóireáil.

Cuireann an ghéarchéim AMR le tionchar na ngalar tógálach (eipidéimí agus paindéimí) in os cionn aon trian de dhaonra an domhain. Tá galair a fhaightear i mbia agus in uisce ar na príomhghalair is cionsiocair le galracht agus le bás ar fud an domhain, agus bíonn sé deacair cóireáil a chur ar fáil ina leith mar gheall ar AMR. Tá seipsis a eascraíonn as ionfhabhtú ar cheann de shé Thosaíocht Dhomhanda Sláinte de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus is í is cúis le 50% de na básanna uile san ospidéal (60% in Éirinn).

Tá méadú ag teacht ar mhinicíocht agus ar dhéine aimhréidheanna tógálacha de bharr an pobal a bheith ag dul in aois agus feabhas ar an gcaoi a ndéantar galair ainsealacha a bhainistiú. San am céanna, bíonn galracht shuntasach mar thoradh ar ionfhabhtuithe de bharr cúram sláinte agus feistí leighis agus is minic a bhíonn cúrsaí fada antaibheathach de dhíth ina leith.

De bharr an dúshlán a bhaineann le AMR, is gá cuimhneamh freisin ar shláinte an phobail, ar shocheacnamaíocht agus ar eacnamaíocht sláinte. Tá saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine, agus ceisteanna maidir le héagsúlacht agus inscne i ndáil leis an gcur chuige atá ann faoi láthair agus an cur chuige atá ag teacht chun cinn ábhartha chomh maith.

Tá saineolas taighde ag an ollscoil seo ar shláinte an duine, sláinte ainmhithe, eolaíocht chomhshaoil agus disciplíní eile an chúraim sláinte, na heolaíochta, na hinnealtóireachta agus na n-eolaíochtaí sóisialta. Is saineolaithe iad ár dtaighdeoirí freisin i gcuid mhaith de na ceisteanna níos leithne a bhaineann le AMR, amhail eacnamaíocht sláinte, saincheisteanna inscne ábhartha, agus gnéithe a bhaineann le cearta an duine.

Tacóidh iarrachtaí anseo le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus le tacaíocht agus le rannpháirtíocht na hÉireann sa Phlean Gníomhaíochta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin' maidir le AMR agus i bPlean Gníomhaíochta Domhanda WHO maidir le AMR.



# Dícharbónú

*Bealaí chun athrú cóir a chur i bhfeidhm*



# Dícharbónú

I ngeall ar an ngéarchéim aeráide atá romhainn, tá gá le laghdú níos tapúla a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa do gach táirge agus seirbhís a chothaíonn gníomhaíocht dhaonna. Go bunúsach, laghdú ar lorg carbóin gach rud a thacaíonn leis an tsochaí dhaonna.

Beidh scála an chlaochlaithe inár bpobail agus ár ngeilleagair ollmhór. Ó thaobh an cheartais aeráide de, ní mór go dtarlóidh an t-aistriú chuig geilleagair agus sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de ar bhealach cothrom agus cóir. I gcás choincheap na n-athruithe cothroma, ní mór bealaí dícharbónaithe a shaothrú ar bhealach atá cuimsitheach go sóisialta agus nach mbeidh imeallú ná éagothromaíochtaí sa tsochaí mar thoradh orthu.

Sa bhreis ar ábhair níos inbhuanaithe a fhorbairt, beidh glacadh le gníomhaíochtaí a bhaineann le laghdú, athúsáid, deisiú, athchúrsáil agus comhroinnt i ngach gníomhaíocht eacnamaíoch mar chuid de na bealaí aistrithe i dtreo na hinbhuanaitheachta.


Cuimseofar leis na bealaí dícharbónaithe coincheapa na ngeilleagar ciorclach agus comhroinnte i ngach earnáil, lena mbainfidh athruithe teicneolaíochta, próisis agus sóisialta. Beidh áit lárnach ag prionsabail an gheilleagair chiorclaigh maidir le deireadh a chur le dramhaíl agus truailliú, táirgí agus ábhair a choimeád in úsáid, agus acmhainní bitheolaíocha a athghiniúint san aistriú chuig bealaí dícharbónaithe.

Is féidir le taighde idirdhisciplíneach bealaí agus roghanna dícharbónaithe atá cuimsitheach go sóisialta a fhorbairt d’earnálacha éagsúla, rud a fhágann gur féidir aistriú cothrom a dhéanamh, a chuireann riachtanais na nglún atá le teacht san áireamh.

Tá saineolas ag an ollscoil ar chineálacha cur chuige maidir le dícharbónú a fhorbairt agus a threorú agus ar nuálaíocht a mhéadú.

Tá go leor bealaí á bhforbairt ag OÉ Gaillimh le comhpháirtithe náisiúnta agus domhanda chun dícharbónú a dhéanamh ar ár gcórais soláthair fuinnimh, córais iompair, córais thionsclaíocha, timpeallacht thógtha agus córais agraibhia.





# Daonlathas

*Domhan faoi chaibidil*

# Daonlathas

Agus muid ag féachaint chun cinn, beidh gá le cineálacha nua smaointeoireachta agus cleachtas cultúrtha chun pobail dhaonlathacha agus chuimsitheacha a chosaint. Ní mór bealaí nua a fhorbairt chun teacht aniar agus éagsúlacht dhaonlathach a chothú, agus bunphrionsabail na héagsúlachta, an chuimsithe agus na hinrochtaineachta mar bhonn taca leo.

Tugann an dúshlán domhanda seo aghaidh ar thábhacht bhunúsach an daonlathais agus an daonlathaithe maidir le todhchaí inbhuanaithe a cheapadh in Éirinn, san Eoraip agus níos faide i gcéin, agus ina chroílár beidh leas an chaidrimh dhomhanda – agus an inbhuanaitheacht ar fud an domhain.

Is príomhthiomantas í an éagsúlacht sa chomhthéacs sin – lena n-áirítear éagsúlacht i saol na n-institiúidí daonlathacha, an chultúir, na déimeagrafaíochta, an oideachais, an gheilleagair, na sláinte, na talmhaíochta agus na bithéagsúlachta.


Is táirge a bhaineann le suíomh cultúrtha ar leith iad na bunluachanna daonlathacha lena ndéantar an Eoraip chomhaimseartha a mhúnlú, agus forbraíodh iad, tugadh a ndúshlán agus rinneadh iad a athchumrú laistigh den tsamhlaíocht chruthaitheach thar na céadta bliain. Ní mór dúinn fréamhacha na bpríomhstruchtúr sin a thuiscint agus aitheantas a thabhairt don ghá atá acu dul in oiriúint do dhomhan a bhfuil lorg fágtha ag an imirce, malartú cultúrtha, agus idé-eolaíochtaí polaitiúla iomaíocha air.

Teastaíonn cosaint agus feabhsúchán ón oidhreacht chultúrtha a bhaineann leis an daonlathas mar acmhainn ríthábhachtach – ar aon dul le hacmhainní nádúrtha – agus leagann sí béim ar an riachtanas atá ann ceistiú criticiúil agus tástáil struis a dhéanamh i ndáil le riachtanais dhomhanda amach anseo.

Tá an ceistiú criticiúil sin ag teacht le staidéir ar theacht aniar agus ar inbhuanaitheacht, atá ar siúl ar fud dhisciplíní na hollscoile. Tá saineolas suntasach taighde againn freisin maidir le dul i ngleic le mórbhagairtí ar inbhuanaitheacht an tsaoil shóisialta agus pholaitiúil. Tá ár gcuid oibre dírithe ar an gciníochas, ar an imirce agus ar an naimhdeas a spreagann sí, an foréigean ar bhonn inscne, an t-údarásaíochas – agus go leor réimsí gaolmhara eile.

Mar atá feicthe againn anseo in Éirinn, bhí ról táirgiúil ann chun athrú sóisialta a bhaint amach trí thaighde stairiúil, iriseoireacht, drámaíocht, scannáin, filíocht, ealaín, ficsean agus scéalaíocht go ginearálta. Bhí tionchar aige sin ar réimsí lena n-áirítear an reachtaíocht maidir le pósadh comhghnéis, an reachtaíocht maidir le ginmhilleadh, an próiseas síochána, comóradh na gcéad bliain a bhí ar siúl thar dheich mbliana, mí-úsáid institiúideach stairiúil, feimineachas agus toiliú gnéasach.

Tá an cumas ag Éirinn múnlaí a chur le chéile chun leas an domhain ar fad, trí úsáid a bhaint as a caipiteal sóisialta agus cultúrtha ar leith agus é a fhorbairt.



# Slándáil an tsoláthair bia

*Athruithe i dtreo pobail atá cóir, cuimsitheach agus a léiríonn teacht aniar*



# Slándáil an tsoláthair bia

Chun slándáil an tsoláthair bia a chinntiú ní mór do gach duine rochtain fhisiciúil, shóisialta agus eacnamaíoch a bheith acu i gcónaí ar bhia leordhóthanach, sábháilte agus cothaitheach chun freastal ar a riachtanais aiste bia agus ar na roghanna bia atá acu le haghaidh saol gníomhach agus sláintiúil a chaitheamh. Is iomaí dúshlán atá os comhair an chine dhaonna maidir le forbairt inbhuanaithe agus slándáil an tsoláthair bia.

Tá tearc-chothú ar bheagnach aon bhilliún duine anois mar gheall ar easpa bia agus cothaitheach, agus tá róchothú ar dhá bhilliún duine eile mar gheall ar aistí bia agus stíleanna maireachtála míshláintiúla.

I bhfianaise patrúin tomhaltais neamh-inbhuanaithe, athrú aeráide, ualach ar an duine de bharr galair, géarchéimeanna bithéagsúlachta, agus bagairtí eiseacha eile ar féidir leo cur leis an neamhionannas, ní mór do phobail aistriú chuig córais atá láidir chomh maith le cóir agus bunaithe ar chearta a dtiocfaidh borradh fúthu dá mbarr.

Is féidir le córais láidre teacht chucu féin go tapa ó chorraíl, agus is sampla de sin é paindéim COVID. Ní mór do bhealaí aistrithe don fhorbairt inbhuanaithe do phobail, do réigiúin agus do thíortha cur le teacht aniar ár gcóras sóisialta, eacnamaíoch, comhshaoil agus agraibhia go mbeidh ar a gcumas dul i ngleic le himeachtaí lasmuigh a bhaineann suaitheadh asainn.

Ní féidir torthaí forbartha atá cuimsitheach go sóisialta a bhaint amach ach amháin má tá iarracht chomhuaineach ag gabháil leo chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an chomhionannais agus na cuimsitheachta atá os comhair gach pobal – lena n-áirítear idirdhealú atá bunaithe ar inscne agus ar eitneacht agus neamhionannais eacnamaíocha atá bunaithe ar aois.

Ar an gcaoi chéanna, cuimsítear i gcur chuige cearta-bhunaithe i leith na forbartha inbhuanaithe agus an tsoláthair bia cúiseanna struchtúracha na bochtaineachta agus an imeallaithe agus an cumas a d'fhéadfadh a bheith ag daoine freagairt do ghéarchéimeanna nuair a thagann siad chun cinn. Tá an t-oideachas ríthábhachtach freisin chun an soláthar bia a chinntiú – lena n-áirítear oideachas maidir le comhbhá chun cóimheas agus comhthuiscint a chothú.

Tá saineolas ar leith ag an ollscoil seo maidir leis an tsochaí chuimsitheach, leanaí, teaghlaigh agus cearta an duine, agus an fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe. Tá láidreachtaí againn freisin maidir le gníomhú ar son na haeráide agus bithgheilleagar inbhuanaithe, tíreolaíocht, áit agus polaitíocht.



# Sonraí atá dírithe ar an duine

*Claochluithe digiteacha agus an réimse poiblí*



# Sonraí atá dírithe ar an duine

Tá an chuid is mó de na mórdhúshláin atá os comhair na sochaí, mura bhfuil siad ar fad, idir an t-athrú aeráide agus paindéimí, neamhionannas agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe, dírithe ar shonraí a bhíonn mar bhonn le fianaise, léargas agus polasaí. Mar sin féin, is rómhinic a bhíonn eolaíocht sonraí á tiomáint ag an teicneolaíocht agus ní chuirtear an duine san áireamh, rud a mbaineann fadhbanna leis ar go leor leibhéal.

Dúshlán ar leith is ea a chinntiú gur féidir gnéithe ar leibhéal an duine a chuimsiú i ndomhan digiteach. Tá gá le cearta digiteacha, ceartas sonraí agus comhionannas chun réitigh eolaíocha, shochaíocha agus cúraim sláinte atá cothrom agus cruinn a chinntiú.

Tá an bealach ina ndéanaimid sonraí a fháil, a phróiseáil, a thuiscint agus a úsáid ag éirí níos tábhachtaí dár bhforbairtí eolaíochta, teicneolaíochta, sochaíocha agus cultúrtha fiú.

I réimse na sláinte, mar shampla, is féidir le heolaíocht sonraí taighde sláinte a chur chun cinn go suntasach trí anailís a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar thacair mhóra sonraí agus trí chur leis an tuiscint atá againn ar ghalair shonracha, cóireálacha cuí a shainaithint agus eolas a chur ar fáil don chinnteoireacht. Is féidir dul i gcion ar an gcaoi chéanna ar an réimse a bhaineann le forbairt polasaí an athraithe aeráide agus léargais ar an gcomhshaol.

Cuimsíonn an saineolas atá againn san ollscoil raon leathan réimsí eolaíochta sonraí agus réimsí gaolmhara amhail géanómaíocht agus bithfhaisnéisíocht, sláinte dhigiteach agus claochlú cúraim sláinte, taighde agus anailísíocht ar shonraí sláinte agus mífhaisnéis dhigiteach. Tá cumas forleathan againn freisin maidir le hanailísíocht sonraí aigéin agus cósta, cianbhraiteacht atá cumasaithe ag intleacht shaorga chun an t-athrú aeráide a thomhas, comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú san intleacht shaorga, na daonnachtaí digiteacha, agus an fhaisnéisíocht chomhshaoil agus aeráide.

Tá an ollscoil agus Gaillimh í féin fréamhaithe in earnáil bhríomhar na teicneolaíochta, agus trínár dtaighde chuireamar go mór le forbairt na gcaighdeán agus na gcleachtas a úsáidtear ar an idirlíon.

De réir mar a dhéanann an domhan iarracht anois a bhealach a dhéanamh tríd an méadú mór ar shonraí agus sonraí a thiontú ina n-infreastruchtúr inaitheanta, inúsáidte agus struchtúrtha don tsochaí, is féidir linn nascadh le réimsí eile ina bhfuil cáil orainn – ceartas sóisialta, forbairt, agus cearta an duine.





# Sláinte an Aigéin & an Chósta

*Teacht Aniar na Mara*

# Sláinte an Aigéin & an Chósta

Tá sláinte ár n-aigéan agus ár gcóstaí faoi bhagairt ar go leor bealaí – teochtaí domhanda atá ag ardú, truailliú, aigéadú aigéin, éiceachórais agus bithéagsúlacht atá ag dul in olcas. Bíonn an tionchar a bhaineann leis na bagairtí seo ar ár n-aigéin le brath ar ár gcóstaí, uisce báistí, uisce óil, aimsir, aeráid, soláthairtí bia agus fiú an t-aer a análaímid.

Leag na Náisiúin Aontaithe béim ar an ngá atá ann sláinte na n-aigéan agus an chósta a bhainistiú go cúramach chun go mbeidh todhchaí inbhuanaithe ann. Is dúshlán casta é seo, agus ina chroílár beidh tuiscint ar an rud nach eol dúinn – agus gan mapáil, scrúdú ná iniúchadh déanta ar bhreis is ochtó faoin gcéad dár n-aigéin.

Chun spriocanna maidir le maolú aeráide a bhaint amach, ní mór breathnú ar an ról lárnach maidir le 'carbón gorm' atá ag na haigéin mar thaiscí agus slogaidí carbóin. Beidh gá chomh maith deireadh a chur leis an truailliú a dhéantar ar ár n-aigéin mar gheall ar phlaistigh, dé-ocsaíd charbóin, miotail throma, truailleáin orgánacha mharthanacha agus barraíocht cothaitheach.

Chun teacht aniar cósta agus muirí a thabhairt i gcrích, tá gá le taighde agus comhoibriú idirdhisciplíneach chun tionchair fhisiceacha, éiceolaíocha, shóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le réitigh dhúlra-bhunaithe a thomhas, a shamhaltú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Beidh comhoibriú sa tionscal agus san eolaíocht shluafhoinsithe ríthábhachtach chun an t-athrú a chur chun cinn.

Tá saineolas againn san ollscoil ar bhithéagsúlacht mhuirí, inbhuanaitheacht, bithgheilleagar gorm, anailísíocht sonraí, bithacmhainní, athrú aeráide agus truailliú na n-aigéan. Is iomaí turas aigéin atá stiúrtha ag ár gcuid taighdeoirí ar na Soithí Taighde Náisiúnta chun sonraí luachmhara a ghiniúint, faigheann ár n-eolaithe cósta sonraí trí úsáid a bhaint as dróin, satailítí agus braiteoirí, agus cruthaíonn ár n-eolaithe sóisialta sonraí le cabhair ón tsochaí agus ar mhaithe léi. Bhí ról suntasach ag ár bhfoireann freisin i ndáil le bithéagsúlacht mhuirí a dhoiciméadú agus a thuiscint agus is anseo atá an bunachar sonraí tagartha feamainne den scoth: AlgaeBase.

Anseo i nGaillimh agus feadh chósta thiar na hÉireann, tá tionchar ag an aigéan ar an aeráid, an aimsir, an tírdhreach, an geilleagar agus an cultúr. Is in OÉ Gaillimh atá an t-ionad anailíse eacnamaíochta mara is mó cáil in Éirinn, ionad a úsáideann réimse anailísí sóisialta agus eacnamaíocha chun tacú le lucht déanta polasaithe agus cinntí agus le páirtithe leasmhara sna hearnálacha mara agus cósta.

Agus muid ag tabhairt aghaidh ar an dúshlán seo, cuirfimid lenár rannpháirtíocht le húdaráis áitiúla agus eagraíochtaí taighde, gníomhaireachtaí trasteorann, páirtithe leasmhara amhail iad siúd a bhaineann le hiascach agus le turasóireacht, agus comhpháirtithe idirnáisiúnta. Tá an fhéidearthacht ann cur go mór le bithgheilleagar na hÉireann agus tacú le pobail áitiúla trí dheiseanna nua a chur ar fáil san earnáil mhuirí amhail táirgí díorthaithe a fhorbairt do bhia daonna nó ainmhithe, cosmaidí agus eintitis cheimiceacha nua don tionscal cógaisíochta.



# BUÍOCHAS

Ba mhaith le OÉ Gaillimh aitheantas agus buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh leis an bpróiseas seo go dtí seo.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an tionscnamh Dúshláin Dhomhanda OÉ Gaillimh ar an ríomhphost thíos.

Gabhaimid buíochas libh as bhur spéis leanúnach in oibriú linn chun dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda seo.

Oifig an Leas-Uachtaráin don Taighde agus Nuálaíocht
OÉ Gaillimh

Ríomhphost: galwayglobalchallenges@nuigalway.ie